C/2024/1620

16.2.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1620)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'León'

PDO-ES-A0882-AM04

Dáta na teachtaireachta: 15 Samhain 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Oiriúnú na saintréithe anailíseacha le haghaidh fíonnta geala agus rosé

Tuairisc:

Sonraíodh paraiméadair fhisiceimiceacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta bána agus rosé aosaithe, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus fíonta nach bhfuil aosaithe.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) agus (b) 'Saintréithe anailíseacha an táirge' den tsonraíocht táirge agus le pointe 4 den doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (baineann an leasú leis an doiciméad aonair). Ní bhaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair). Ar deireadh, tá na saintréithe agus an phróifíl ar a dtugtar tuairisc sa nasc mar an gcéanna, agus tá siad mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha agus daonna.

Cúis:

Ceadaíodh leis an tsonraíocht táirge fíonta geala agus rosé aosaithe a tháirgeadh, ach ní raibh an cineál sin táirgthe ailínithe i gceart leis an measúnú ar pharaiméadair fhisiceimiceacha, ós rud é gur féidir leis an bpróiseas aosaithe difear a dhéanamh do pharaiméadair áirithe amhail aigéadacht luaineach.

Sa chás seo, tá forbairt na haigéadachta luainí a shainítear le haghaidh fíonta dearga aosaithe mar an gcéanna lena sainítear le haghaidh fíonta geala agus rosé aosaithe.

2. Cuimsiú cineálacha nua fíona: leath-mhilis agus milis i gCatagóir 1 - Fíon

Tuairisc:

I bhfianaise éileamh an mhargaidh agus an táirgeadh a dhéantar i bhfíonlanna atá suite laistigh de limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh León, is gá táirgeadh fíonta milse agus leathmhilse a áireamh i measc na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh León.

Ar an gcaoi chéanna, is gá saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha a bhunú, de réir cheanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2018. Ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha a oiriúnú freisin chun táirgeadh fíonta milse agus leathmhilse a chur san áireamh.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) agus (b), pointe 3(b) agus pointe 8(b.3) den tsonraíocht táirge agus le pointí 4 agus 5.1 den doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (baineann an leasú leis an doiciméad aonair). Mar a luaitear sa tuairisc roimhe, leis na hathruithe sin ní dhéantar athrú ar shaintréithe fíor-riachtanacha fhíon ATFC León a thagann ó thosca nádúrtha agus daonna a bheith ag teacht le chéile. Coinníonn na fíonta carachtar sainiúil fíonta ón limistéar, ós rud é go dtáirgtear iad agus na cineálacha údaraithe céanna á n-úsáid, ach déantar é a mhodhnú ag an méid siúcra níos airde.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Ní dhéanann sé sin difear don nasc ós rud é go bhfuil na fíonta sin á dtáirgeadh go forleathan cheana sa limistéar atá cumhdaithe leis an ATFC mar fhreagra ar éileamh margaidh nua. Measaimid dá bhrí sin nach mbaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair).

Cúis:

Bhí na fíonta sin á dtáirgeadh ag fíonlanna cláraithe sa cheantar cheana, agus iad ag úsáid fíonchaor ó chineálacha údaraithe a fhástar i bhfíonghoirt a chumhdaítear sa ATFC. Ní fhéadfaí iad a mhargú faoin ainmniúchán tionscnaimh León, áfach, toisc nár áiríodh iad sa tsonraíocht táirge.

Rinneadh anailís ar na fíonta sin chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na paraiméadair cháilíochta fhisiceimiceacha agus orgánaileipteacha a bhaineann leis na fíonta atá cumhdaithe le ATFC León. Coinníonn na fíonta na saintréithe a bhaineann leis na cineálacha údaraithe, Prieto Picudo agus Albarín go háirithe san áireamh, agus ar an gcaoi sin coinníonn siad carachtar sonrach na bhfíonta ATFC León ach é modhnaithe ag an gcion siúcra níos airde.

Tagann an táirgeadh nua sin faoin gcatagóir chéanna 'Fíon' i gcomhréir leis na catagóirí fíona a leagtar síos i gCuid II d'Iarscríbhinn VII le Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013. Tá an táirgeadh nua sin i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha agus le héileamh an mhargaidh.

3. **Cineál nua fíonchaoire deirge a áireamh um tháirgeadh fíonta atá cumhdaithe leis an ainmniúchán tionscnaimh León: cineál Negro Saurí**

Tuairisc:

Áiríodh Negro Saurí mar chineál dearg údaraithe. Cineál mionlaigh dúchasach é atá i limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh León.

Baineann an leasú le pointe 3(c) 'Srianta ar an bhfíonóireacht' agus le 6 'Chineál fíonchaoire' na sonraíochta táirge agus pointe 5.1 agus 7 den doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (baineann an leasú leis an doiciméad aonair). Ní bhaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair). Ar deireadh, tá na saintréithe agus an phróifíl ar a dtugtar tuairisc sa nasc mar an gcéanna, agus tá siad mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha agus daonna.

Cúis:

Tá sé ar cheann d'aidhmeanna an ainmniúcháin tionscnaimh claochlú sean-fhíonghort a spreagadh agus cineálacha dúchasacha a choinneáil chun cailliúint éagsúlachta géinití a sheachaint. Ní hamháin go bhfuil bonn géiniteach leathan bun-riachtanach le go mairfeadh fíonghoirt i bhfianaise lotnaidí, galar nua agus srianta ithreach agus aeráide, ach freisin cuidíonn sé le hidirdhealú a dhéanamh idir na fíonta agus saintréithe sonracha a thabhairt dóibh chun críoch turgnaimh agus nuáil a dhéanamh ó thaobh cáilíochta.

Meastar Negro Saurí mar chineál mionlaigh laistigh den ainmniúchán tionscnaimh León, agus sainaithnítear é mar chomhchiallach do chineál Merenzao. Is saintréithe dá chuid briseadh bachlóg i lár an tséasúir, aibiú luath agus táirgeacht mheasartha, agus níos lú datha ag gabháil leis ná cineálacha dearga eile. Bíonn sé soghabhálach i leith coinclí clúmhaí, agus freisin i leith Botraíteas. Is é is cúis leis sin dlúithe na dtriopall, a bhíonn idir meánmhéid agus beag de ghnáth leis na caora idir mheasartha agus mhór agus le táirgeacht mhaith. Tá sé éadrom, agus soghabhálach i leith galar. Aibíonn sé go neamhrialta agus go tapa, lena n-éilítear aird ghéar ag deireadh na buainte. Má aibítear go maith é, áfach, fíonchaor an-mhín agus an-gharánta é.

Rinneadh staidéir éagsúla a thacaíonn le nasc an chineáil mhionlaigh Negro Saurí le limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh León agus oiriúnacht a chuid fíonta do cháilíocht an ainmniúcháin tionscnaimh León. Meastar é a bheith iomchuí agus riachtanach dá bhrí sin an cineál sin a áireamh mar chineál údaraithe i sonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh León chun oidhreacht ár gcuid fíonghort dúchasach a choinneáil.

4. **Coinníollacha aosaithe**

Tuairisc:

Baineadh an ceanglas a bhaineann le haois na mbairillí daracha agus an oibleagáid an t-aosú a chomhaireamh ón 1 Samhain sa bhliain buainte. Is iomchuí freisin a shoiléiriú gur féidir na téarmaí 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva' a úsáid leis na fíonta rosé agus geala freisin.

Baineann an leasú seo le pointí 3(b.3) agus 8(b.3) den tsonraíocht táirge agus le pointe 5.1 den doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (baineann an leasú leis an doiciméad aonair). Níor leasaíodh ach na coinníollacha aosaithe sa tsonraíocht táirge i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Ní bhaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair).

Cúis:

Níl ceachtar ceanglas ina choinníoll díreach um cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear san ainmniúchán tionscnaimh Léon.

A mhéid a bhaineann le téarmaí traidisiúnta i ndáil le haosú, is féidir Airteagal 112(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chur i bhfeidhm maidir le lipéadú fíonta geala agus rosé, ar choinníoll go gcomhlíonann na fíonta na híostréimhsí aosaithe a leagtar síos.

5. **Nuashonrú ar an gCreat dlíthiúil**

Tuairisc:

Faoin gceannteideal 'Creat dlíthiúil', athraíodh an tagairt do rialachán atá aisghairthe cheana agus cuireadh an ceann atá i bhfeidhm ina ionad.

Baineann an leasú seo le pointe 8(a) den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair). Ní bhaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair).

Cúis:

Glacadh an deis chun na tagairtí reachtacha a nuashonrú.

6. **Nuashonrú ar an roinn maidir le seiceálacha**

Tuairisc:

Tugadh isteach an Bord Rialála le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh Leon mar chomhlacht rialúcháin tarmligthe.

Baineann an leasú seo le pointe 9(a) den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Cineál an leasaithe: CAIGHDEÁNACH (ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair). Níor athraíodh ach an comhlacht atá freagrach as comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a fhíorú i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Ní bhaineann an leasú seo le haon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (an Rialachán maidir le CEM aonair).

Cúis:

Fuair an Bord Rialála le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh León creidiúnú caighdeánach ISO/IEC 17065:2012. I ndiaidh an chreidiúnaithe sin, tarmligfidh Instituto Tecnológico Agrario de Castilla y León [Institiúid Teicneolaíochta Talmhaíochta na Caistíle agus León] na cúraimí a bhaineann le seiceálacha comhréireachta chuig an mBord Rialála i gcomhréir le hAirteagal 116a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

León

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonnta**

1. FÍON – Fíonta geala aosaithe agus nach bhfuil aosaithe

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá na fíonta geala a dhéantar as na cineálacha fíonchaor Albarín Blanco, Verdejo agus Godello cothromaithe go hanmhaith i dtéarmaí blais agus dea-bholaidh, agus tá siad úr agus casta.

* Neart alcóil iomlán íosta: 10,5 % de réir toirte

* Aigéadacht luaineach uasta i bhfíon geal aosaithe: 0,7 gram in aghaidh an lítir suas go 10 % de réir toirte agus 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 % de réir toirte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	10.5
Aigéadacht iomlán íosta	4,3 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	160

2. FÍON – Fíonta rosé aosaithe agus nach bhfuil aosaithe

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá na fíonta rosé Prieto Picudo thar a bheith aramatach, úr (aigéadacht nádúrtha ard), agus tá neart tathaig agus struchtúir acu sa bhéal (cothromaíocht idir alcól agus aigéadacht).

* Neart alcóil iomlán íosta: 11 % de réir toirte

* Aigéadacht luaineach uasta i bhfíon rosé aosaithe: 0,7 gram in aghaidh an lítir suas go 10 % de réir toirte agus 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 % de réir toirte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,3 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	160

3. FÍON – Fíonta Dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déine datha suntasach, aramatach (torthaí dearga agus dubha), téagartha agus tathagach, beagán searbh agus fada.

* Neart alcóil iomlán íosta: 11,5 % de réir toirte

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	11.5
Aigéadacht iomlán íosta	4,3 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11,67
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. FÍON - Fíonta dearga aosaithe

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Coinníonn na fíonta sin na saintréithe den chineál fíonchaoire (Prieto Picudo), ach tá siad níos casta, níl siad chomh searbh, tá siad cothromaithe, tainneach agus iarbhlas fada acu.

* Neart alcóil iomlán íosta: 12 % de réir toirte

* Ríomhtar an teorainn uasta um aigéad aicéiteach mar a leanas: 0,7 gram in aghaidh an lítir suas go 10 % de réir toirte agus 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 % de réir toirte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	4,3 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. FÍONTA – Fíonta leathmhilse – fíonta geala, rosé agus dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá na fíonta leathmhilse an-aramatach, úr (aigéadacht nádúrtha ard) agus cothromaithe i dtaca lena neart alcóil, lena n-aigéadacht agus lena méid siúcra iarmharach.

* Neart alcóil iomlán íosta: 9 % de réir toirte.

* Iomlán na siúcraí sloinnte i ngraim de ghlúcós + fruchtós in aghaidh an lítir: idir 18 agus 45 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach

Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

6. FÍONTA – Fíonta milse – fíonta geala, rosé agus dearga

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá na fíonta milse an-aramatach, úr (aigéadacht nádúrtha ard) agus cothromaithe i dtaca lena neart alcóil, lena n-aigéadacht agus lena méid siúcra iarmharach.

* Neart alcóil iomlán íosta: 9 % de réir toirte.

* Iomlán na siúcraí sloinnte i ngraim de ghlúcós + fruchtós in aghaidh an lítir: > 45 g/l

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

— Neart alcóil féideartha íosta na fíonchaoire: 11,5 % (dearg), 10,5 % (geal).

— Uastáirgeacht: 74 lítear in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora.

— Le haghaidh fíonta a bhfuil sé beartaithe an téarma 'CRIANZA', 'RESERVA' nó 'GRAN RESERVA' a chur orthu.

— Déantar fíonta milse nuair a choinnítear cuid de na siúcraí nádúrtha atá sna fíonchaora nuair a bhristear isteach ar an gcoipeadh alcólach, ag úsáid modha a údaraítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

— Ní mór fíon geal a dhéanamh as na cineálacha fíonchaor geal Verdejo, Albarín Blanco agus Godello.

— I bhfíonta rosé, ní mór do 60 % de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ó na príomhchineálacha dearga Prieto Picudo, Mencía agus/nó Negro Saurí. Is féidir na cineálacha dearga údaraithe Tempranillo agus Garnacha agus/nó na cineálacha bána a úsáid le haghaidh an 40 % eile.

— I bhfíonta rosé, ní mór do 60 % de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ó na príomhchineálacha dearga Prieto Picudo, agus/nó Mencía agus/nó Negro Saurí. Is féidir an 40 % eile a roinnt i measc na gcineálacha fíonchaoire deirge eile a bhfuil tuairisc orthu thuas.

An modh saothraithe

1. Ní mór an dlús fíniúnacha le haghaidh cineálacha dearga agus bána araon a bheith idir 1 100 agus 4 000 fíniún in aghaidh an heicteáir le haghaidh fíniúnacha cuachthreoraithe agus treilíse. Le haghaidh na gcóras sin agus a gcuid athraitheach baineann teorainn uasta de 40 000 bachlóg thorthaíoch in aghaidh an heicteáir.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala a threoraítear ina gcuacha

   7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   51,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha geala a fhástar i dtreilísí

   10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha dearga a threoraítear ina gcuacha

   6 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   44,44 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha dearga a fhástar i dtreilísí

   8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   59,20 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

— Cúige León:

Algadefe, Alija del Infantado, Antigua (La), Ardón, Armunia (limistéar laistigh de bhardas), Bañeza (La), Bercianos del Páramo, Bercianos del Real Camino, Burgo Ranero (El), Cabreros del Río, Calzada del Coto, Campazas, Campo de Villavidel, Castilfalé, Castrocalbón, Castrotierra de Valmadrigal, Cebrones del Río, Cimanes de la Vega, Corbillos de los Oteros, Cubillas de los Oteros, Chozas de Abajo, Fresno de la Vega, Fuentes de Carvajal, Gordaliza del Pino, Gordoncillo, Grajal de Campos, Gusendos de los Oteros, Izagre, Joarilla de las Matas, Laguna de Negrillos, Matadeón de los Oteros, Matanza, Onzonilla, Pajares de los Oteros, Palacios de la Valduerna, Pobladura de Pelayo García, Pozuelo del Páramo, Quintana del Marco, Quintana y Congosto, Riego de la Vega, Roperuelos del Páramo, Sahagún, San Adrián del Valle, San Esteban de Nogales, San Millán de los Caballeros, Santa Cristina de Valmadrigal, Santa Elena de Jamuz, Santa María del Monte Cea, Santas Martas, Santovenia de la Valdoncina, Toral de los Guzmanes, Valdemora, Valderas, Valdevimbre, Valencia de Don Juan, Valverde Enrique, Vallecillo, Vega de Infanzones, Villabraz, Villademor de la Vega, Villamandos, Villamañán, Villamontán de la Valduerna, Villamoratiel de las Matas, Villanueva de las Manzanas, Villaornate y Castro, Villaquejida, Villaturiel agus Zotes del Páramo.

— I gCúige Valladolid:

Becilla de Valderaduey, Bustillo de Chaves, Cabezón de Valderaduey, Castrobol, Castroponce, Cuenca de Campos, Mayorga, Melgar de Abajo, Melgar de Arriba, Monasterio de Vega, Quintanilla del Molar, Roales de Campos, Saelices de Mayorga, Santervas de Campos, Unión de Campos (La), Valdunquillo, Villacid de Campos, Villagómez la Nueva agus Villalba de la Loma.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

ALBARÍN BLANCO

GARNACHA TINTA

GODELLO

MENCÍA

MERENZAO – NEGRO SAURÍ

PRIETO PICUDO

TEMPRANILLO

VERDEJO

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

FÍON

1. Nuair a dhéanaimid trácht d'fhíonta a dhéantar as cineál Prieto Picudo, cuirimid i dtábhacht i gcónaí úire na bhfíonta rosé agus ardchaighdeán na bhfíonta dearga. Tá an dá shaintréith sin mar thoradh ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonchaor, a thagann, faoi seach, ó na dálaí aeráide sa limistéar, na saintréithe ithreach agus tionchar na dtosca daonna.

2. Agus tuairisc á tabhairt ar aeráid an limistéir, thugamar trácht ar roinnt gnéithe ar cheart a chur i dtábhacht chun a thuiscint cén fáth go bhfuil an Prieto Picudo, atá mar bhonn d'fhíonta ATF 'León', difriúil agus uathúil:

— Éascaíonn na leibhéil arda solais a mbíonn na duilleoga agus na fíonchaora nochta dóibh le linn an tsamhraidh gníomhaíochtaí fótaisintéise an phlanda, agus spreagann sé sin carnadh siúcraí agus polaifeanól freisin, atá freagrach ina dhiaidh sin as a dathanna diana agus teo atá le feiceáil inár gcuid fíonta rosé agus dearga.

— Fágann na difríochtaí idir teocht an lae agus teocht na hoíche i rith an tsamhraidh (is féidir teochtaí bheith deargthe le linn an lae, ach bíonn siad i bhfad níos ísle san oíche) gur féidir leis an bplanda próisis riospráide ceallaí a chur i gcrích a chuireann chun cinn forbairt na haigéadachta nádúrtha arb í saintréith bhunúsach sna fíonchaora. Baineann sé sin luachanna arda aigéadachta amach de thart ar 5,5 g/l d'aigéad tartarach san úrfhíon, as a dtagann an úire atá an-sainiúil de na fíonta rosé.

  Spreagann na difríochtaí sin sa teocht freisin forbairt agus carnadh ceart polaifeanól sna fíonchaora, mar gheall ar na huaireanta fada de sholas an lae a dtairbhíonn ár gcuid fíonghort díobh sa samhradh.

— Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil déine cumhra ard na bhfíonta a dhéantar dá bharr mar shaintréith de chineál Prieto Picudo. Le go mbeadh na saintréithe aramatacha sin ag na fíonta, ní mór do na teirpéin atá freagrach as na dea-bholaithe sin carnadh i gceart i gcraiceann na bhfíonchaor. Tá príomh-ról ansin ag na teochtaí arda a shroichtear i rith an tsamhraidh.

— Spreagann na teochtaí arda samhraidh sin, in éineacht leis na leibhéil arda de sholas na gréine i rith na tréimhse sin, fótaisintéis agus ceadaíonn siad do shiúcra carnadh sna fíonchaora, as a dtagann nirt alcóil arda. Ceadaíonn an toisc sin, i dteannta le luachanna arda aigéadachta nádúrtha an chineáil, do na fíonsaothraithe agus do na táirgeoirí atá san áireamh inár n-Ainmniúchán fíonta dearga óga agus úra a tháirgeadh chomh maith le fíonta dearga a mbíonn a n-aosú níos faide.

— Bíonn an aimsir séimh agus sách fliuch san fhómhar inár limistéar, rud atá bunriachtanach ionas gur féidir leis na fíonchaora aibiú i gceart. Is féidir a fheiceáil go bhfuil an próiseas aibithe tugtha chun críche go sásúil sa chothromaíocht idir neart alcóil, aigéadacht agus polaifeanóil.

— Chun dul i ngleic le táirgeadh neamhrialta chineál Prieto Picudo, sonraítear sa tsonraíocht táirge cheana go n-úsáideann na saothróirí fíona an teicníc aitheanta prúnála fada nó cána chun táirgeadh an chineáil sin a chur chun cinn agus a rialáil ar bhealach níos éifeachtaí agus táirgí ardchaighdeáin a bhaint amach.

— Tá méid íseal ábhair orgánaigh mar shaintréith de na cineálacha éagsúla ithreach uile a bhfuil tuairisc tugtha orthu thuas. Toisc chinntitheach é sin ó thaobh táirgí ardchaighdeáin a bhaint amach, le haghaidh cineálacha dearga agus geala araon. Tá léiriú aramatach láidir ag na fíonta geala go háirithe toisc go bhfuil na hithreacha ina fhásann siad éadrom ach go háirithe, le leibhéil ísle d'ábhar orgánach agus de chré, na dálaí draenála inmheánaí den scoth, acmhainneacht inghlactha coinneála uisce, éascaíocht aeraithe agus treá na bhfréamhacha, cion íseal salainn mhianraigh, dea-dhoimhneacht agus cion leordhóthanach aolchloiche. Tá na dálaí sin uile bunriachtanach chun fíonta geala ardchaighdeáin a tháirgeadh.

— Ar deireadh, ba cheart táirgeadh fíonta rosé agus úsáid á baint as an teicníc 'madreo', trína gcuirtear i gcrobhaingí iomlána le linn coipthe, a chur i dtábhacht arís eile. Ní úsáidtear an teicníc sin ach inár réigiún, agus chomh maith le fíonta rosé clasaiceacha a tháirgeadh, cuireann go leor fíonlann cúpla lítear d'úrfhíon i leataobh le húsáid sa teicníc táirgthe 'madreo'.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Áirítear sa phróiseas fíonóireachta buidéalú agus feabhsú, agus dá bhrí sin, ní féidir na saintréithe orgánaileipteacha, fisiceacha agus ceimiceacha ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge a ráthú ach amháin má tharlaíonn gach ceann de na hoibríochtaí láimhseála fíona laistigh den limistéar táirgthe. Dá dheasca sin, agus d'fhonn an cháilíocht a áirithiú agus ráthaíocht a sholáthar maidir le tionscnamh agus rialú, ní mór buidéalú a dhéanamh i bhfíonlanna atá lonnaithe i monarchana buidéalaithe sa limistéar táirgthe a shainítear sa tsonraíocht táirge, ós rud é go bhfuil buidéalú fíonta a chumhdaítear le ATFC 'León' ar cheann de na tosca criticiúla ó thaobh na saintréithe arna bhfáil tríd an bpróiseas táirgthe agus aosaithe a ráthú, mar a leagtar amach sa tsonraíocht táirgthe.

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

— Is féidir an téarma traidisiúnta Denominación de Origen (Ainmniúchán Tionscnaimh) a úsáid ar an lipéadú in áit Denominación de Origen Protegida ('Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint).

— Ní mór bliain an fhíona a léiriú ar an lipéad, fiú murar aosaíodh na fíonta.

— Is féidir na fíonta a lipéadú leis na téarmaí traidisiúnta 'crianza', 'reserva' agus 'gran reserva' a úsáid ar fhíonta dearga, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm.

— Is féidir ainm aonaid gheografaigh atá níos lú ná iad siúd a liostaítear i Roinn 4 den tsonraíocht táirge seo (bardais) a úsáid i dteannta leis an téarma 'Vino de Pueblo' (fíon baile), chomh fada agus a bhfuarthas 85 % de na fíonchaora a úsáideadh chun an fíon cosanta a dhéanamh ó dháileachtaí atá suite laistigh den bhardas ábhartha.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DOP+LEON_MOD+2023.docx/35df7b64-2575-325e-4904-168ce8f12a40